GAELTACHT BILL 2012

As initiated

ARRANGEMENT OF SECTIONS

PART 1

PRELIMINARY AND GENERAL

Section

1. Short title and commencement.
2. Definition.
3. Regulations.
4. Expenses.
5. Repeals and revocations.

PART 2

LANGUAGE PLANNING

6. Definitions (*Part 2*).
7. Gaeltacht Language Planning Areas.
8. Implementation of Irish language plans in Gaeltacht Language Planning Areas.
9. Gaeltacht Service Towns.
10. Implementation of Irish language plans in Gaeltacht Service Towns.
11. Irish Language Networks.
12. Language Planning Criteria.
13. Preservation of contracts made by Údarás na Gaeltachta.

PART 3

AMENDMENT OF ÚDARÁS NA GAELTACHTA ACT 1979

14. Definition (*Part 3*).

[No. 53 of 2012]

BILLE NA GAELTACHTA, 2012

Mar a tionscnaíodh

RIAR NA nALT

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Míniú.
3. Rialacháin.
4. Caiteachais.
5. Aisghairm agus cúlghairm.

CUID 2

Pleanáil Teanga

6. Mínithe (*Cuid 2*).
7. Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.
8. Pleananna Gaeilge a chur i ngníomh i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.
9. Bailte Seirbhíse Gaeltachta.
10. Pleananna Gaeilge a chur i ngníomh i mBailte Seirbhíse Gaeltachta.
11. Líonraí Gaeilge.
12. Critéir Pleanála Teanga.
13. Conarthaí arna ndéanamh ag Údarás na Gaeltachta a chaomhnú.

CUID 3

Leasú ar an Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979

14. Míniú (*Cuid 3*).

[Uimh. 53 de 2012]

15. Amendment of section 2 of Principal Act.

16. Amendment of section 6 of Principal Act.

17. Amendment of section 8 of Principal Act.

18. Amendment of section 10 of Principal Act.

19. Amendment of section 10B of Principal Act.

20. Amendment of section 10C of Principal Act.

21. Amendment of section 20A of Principal Act.

22. Amendment of First Schedule to Principal Act.

PART 4

MISCELLANEOUS

23. Amendment of Electoral Act 1992.

24. Amendment of section 19 of the Litter Pollution Act 1997.

25. Amendment of section 18 of Electoral Act 1997.

SCHEDULE

REPEALS AND REVOCATIONS

PART 1

ACTS REPEALED

PART 2

STATUTORY INSTRUMENTS REVOKED

ACTS REFERRED TO

Electoral (Amendment) Act 2001	2001, No. 38
Electoral (Amendment) (No. 2) Act 2009	2009, No. 9
Electoral Act 1992	1992, No. 23
Electoral Act 1997	1997, No. 25
Litter Pollution Act 1997	1997, No. 12
Local Government Act 2001	2001, No. 37
Ministers and Secretaries (Amendment) Act 1956	1956, No. 21
Údarás na Gaeltachta Act 1979	1979, No. 5
Údarás na Gaeltachta (Amendment) (No. 2) Act 1999	1999, No. 27

15. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

16. Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht.

17. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht.

18. Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht.

19. Leasú ar alt 10B den Phríomh-Acht.

20. Leasú ar alt 10C den Phríomh-Acht.

21. Leasú ar alt 20A den Phríomh-Acht.

22. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

CUID 4

Ilghnéitheach

23. Leasú ar an Acht Toghcháin, 1992.

24. Leasú ar alt 19 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997.

25. Leasú ar alt 18 den Acht Toghcháin, 1997.

AN SCEIDEAL

Aisghairm agus Cúlghairm

CUID 1

Na hAchtanna a aisghairtear

CUID 2

Na hIonstraimí Reachtúla a Chúlghairtear

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2009	2009, Uimh. 9
An tAcht Toghcháin (Leasú), 2001	2001, Uimh. 38
An tAcht Toghcháin, 1992	1992, Uimh. 23
An tAcht Toghcháin, 1997	1997, Uimh. 25
An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997	1997, Uimh. 12
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956	1956, Uimh. 21
An tAcht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999	1999, Uimh. 27
An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979	1979, Uimh. 5

GAELTACHT BILL 2012

BILL

entitled

AN ACT TO DESIGNATE GAELTACHT LANGUAGE PLANNING AREAS, GAELTACHT SERVICE TOWNS AND IRISH LANGUAGE NETWORKS; TO AMEND THE MINISTERS AND SECRETARIES (AMENDMENT) ACT 1956; TO AMEND THE ÚDARÁS NA GAELTACHTA ACT 1979; TO AMEND THE ELECTORAL ACT 1992; TO AMEND THE ELECTORAL ACT 1997; AND TO PROVIDE FOR RELATED MATTERS.

BE IT ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

PART 1

Preliminary and General

Short title and commencement.

1.—(1) This Act may be cited as the Gaeltacht Act 2012.

(2) This Act, other than *Parts 3* and *4*, comes into operation on such day or days as the Minister may by order or orders appoint, either generally or with reference to any particular purpose or provision, and different days may be so appointed for different purposes or different provisions.

Definition.

2.—In this Act "Minister" means the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht.

Regulations.

3.—(1) The Minister may make regulations, having regard to available resources and after consultation with such Ministers as the Minister considers appropriate, prescribing any matter or thing which is referred to in this Act as prescribed or to be prescribed or for the purpose of enabling any provision of this Act to have full effect.

(2) An order or regulation under this Act may contain such incidental, supplementary and consequential provisions as appear to the Minister to be necessary or expedient for the purposes of the order or regulation, as the case may be.

BILLE NA GAELTACHTA, 2012

BILLE

dá ngairtear

ACHT D'AINMNIÚ LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA, BAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA AGUS LÍONRAÍ GAEILGE; DO LEASÚ AN ACHTA AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 1956; DO LEASÚ AN ACHTA UM ÚDARÁS NA GAELTACHTA, 1979; DO LEASÚ AN ACHTA TOGHCHÁIN, 1992; DO LEASÚ AN ACHTA TOGHCHÁIN, 1997; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I DTAOBH NITHE GAOLMHARA.

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar Acht na Gaeltachta, 2012 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *Codanna 3* agus *4*, i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

Míniú.

2.—San Acht seo, ciallaíonn "Aire" an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Rialacháin.

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh, ag féachaint dó nó di do na hacmhainní a bheidh ar fáil agus tar éis dul i gcomhairle le cibé Airí is cuí leis an Aire, ar rialacháin iad lena bhforordófar aon ní nó aon rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú chun a chumasú go mbeidh lánéifeacht le haon fhoráil den Acht seo.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith in ordú nó i rialachán faoin Acht seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha an ordaithe nó an rialacháin, de réir mar a bheidh.

(3) Every order (other than an order under *section 1(2)*) or regulation under this Act shall be laid before each House of the Oireachtas as soon as may be after it is made and, if a resolution annulling the order or regulation is passed by either such House within the next 21 days on which that House has sat after the order or regulation is laid before it, the order or regulation shall be annulled accordingly but without prejudice to the validity of anything previously done thereunder.

Expenses.

4.—The expenses incurred by the Minister in the administration of this Act shall, to such extent as may be sanctioned by the Minister for Public Expenditure and Reform, be paid out of moneys provided by the Oireachtas.

Repeals and revocations.

5.—(1) Each Act specified in *column (2)* of *Part 1* of the *Schedule* is repealed to the extent specified in *column (3)*.

(2) Each statutory instrument specified in *column (2)* of *Part 2* of the *Schedule* is revoked.

PART 2

Language Planning

Definitions (*Part 2*).

6.—In this Part—

"Gaeltacht area" means an area that was before the passing of this Act determined to be a Gaeltacht area by order made under section 2 of the Ministers and Secretaries (Amendment) Act 1956 and continued to be such an area by *section 7(1)*;

"Gaeltacht Language Planning Area" means an area designated by order under *section 7(2)* to be a Gaeltacht Language Planning Area;

"Gaeltacht Service Town" means a town designated by order under *section 9(1)* to be a Gaeltacht Service Town;

"Irish Language Network" means a community designated by order under *section 11(1)* to be an Irish Language Network;

"organisation" means a body corporate (whether a corporation aggregate or a corporation sole) and an unincorporated body of persons;

"prescribed" means prescribed by regulations made by the Minister under *section 3*; and

"town" means a place the population of which, as ascertained by the census of population which for the time being is the last published census of population, exceeds 1,000.

Gaeltacht Language Planning Areas.

7.—(1) An area that was, before the commencement of this section, determined by order made under section 2 of the Ministers and Secretaries (Amendment) Act 1956 to be a Gaeltacht area shall, notwithstanding the repeal of that section by *section 5(1)*, continue to be a Gaeltacht area.

(2) The Minister may, by order, designate, by reference to electoral divisions, a specified area comprised of—

(3) Gach ordú (seachas ordú faoi *alt 1(2)*) nó gach rialachán faoin Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta, agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán.

Caiteachais.

4.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Aisghairm agus cúlghairm.

5.—(1) Déantar gach Acht a shonraítear i *gcolún (2)* de *Chuid 1* den *Sceideal* a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)*.

(2) Déantar gach ionstraim reachtúil a shonraítear i *gcolún (2)* de *Chuid 2* den *Sceideal* a chúlghairm.

CUID 2

Pleanáil Teanga

Mínithe (*Cuid 2*).

6.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn "limistéar Gaeltachta" limistéar ar cinneadh roimh an Acht seo a rith le hordú arna dhéanamh faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 gur limistéar Gaeltachta é agus a lean de bheith ina limistéar den sórt sin le *halt 7(1)*;

ciallaíonn "Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta" limistéar a ainmnítear le hordú faoi *alt 7(2)* chun bheith ina Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta;

ciallaíonn "Baile Seirbhíse Gaeltachta" baile a ainmnítear le hordú faoi *alt 9(1)* chun bheith ina Bhaile Seirbhíse Gaeltachta;

ciallaíonn "Líonra Gaeilge" pobal a ainmnítear le hordú faoi *alt 11(1)* chun bheith ina Líonra Gaeilge;

ciallaíonn "eagraíocht" comhlacht corpraithe (cibé acu ilchorparáid nó corparáid aonair é) agus comhlacht neamhchorpraithe daoine;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 3*; agus

ciallaíonn "baile" áit ar mó ná 1,000 a daonra arna fhionnadh de réir an daonáirimh arb é de thuras na huaire an daonáireamh deiridh é a foilsíodh.

Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

7.—(1) Aon limistéar ar cinneadh, roimh thosach feidhme an ailt seo, le hordú arna dhéanamh faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 gur limistéar Gaeltachta é, leanfaidh sé, d'ainneoin aisghairm an ailt sin le *halt 5(1)*, de bheith ina limistéar Gaeltachta.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordú, limistéar sonraithe a ainmniú, faoi threoir toghrann, is limistéar arb éard atá ann—

(*a*) a Gaeltacht area,

(*b*) part of a Gaeltacht area,

(*c*) more than one Gaeltacht area,

(*d*) parts of more than one Gaeltacht area, or

(*e*) an area, or part of an area, the subject of an order under *subsections (5)*, *(10)(b)* or *(13)(b)*,

to be a Gaeltacht Language Planning Area in accordance with this section.

(3) The Minister shall publish, in such form and manner as the Minister considers appropriate, notice of the Minister's intention to designate an area by order under *subsection (2)*, and shall include in the notice—

(*a*) particulars of one or more than one electoral division or part of an electoral division which is or are included in the Gaeltacht area concerned and which the Minister intends to designate by order made under *subsection (2)*,

(*b*) the period within which applications under *subsection (4)* may be made,

(*c*) the period within which a plan referred to in *subsection (7)* is to be prepared and submitted to the Minister,

(*d*) any other information that the Minister considers necessary for the purposes of this section.

(4) An organisation based in or adjacent to one of the Gaeltacht areas concerned may apply to Údarás na Gaeltachta to be an organisation selected under *subsection (6)*.

(5) Where no organisation applies under *subsection (4)*, the Minister may make an order declaring that the area concerned, the subject of a notice under *subsection (3)*, is no longer a Gaeltacht area and the date after which it shall not be a Gaeltacht area.

(6) Údarás na Gaeltachta shall select, in relation to an area the subject of a notice under *subsection (3)*, an organisation that has applied under *subsection (4)* and that, in the opinion of Údarás na Gaeltachta, is the organisation that is the most capable of preparing a plan the purpose of which is to provide for and encourage the increased use of the Irish language in the family, educational, public, social, recreational and commercial life of the area concerned (in this section referred to as an "Irish language plan"), in accordance with prescribed language planning criteria, and when it has done so, it shall notify that organisation in writing of the selection.

(7) The organisation concerned shall prepare an Irish language plan in respect of the area concerned and shall, within the period specified in the notice published under *subsection (3)*, submit the plan to the Minister for approval.

(8) Údarás na Gaeltachta shall assist the organisation concerned in respect of the preparation of the Irish language plan concerned.

(*a*) limistéar Gaeltachta,

(*b*) cuid de limistéar Gaeltachta,

(*c*) níos mó ná limistéar Gaeltachta amháin,

(*d*) codanna de níos mó ná limistéar Gaeltachta amháin, nó

(*e*) limistéar, nó cuid de limistéar, is ábhar d'ordú faoi *fho-ailt (5)*, *(10)(b)* nó *(13)(b)*,

chun bheith ina Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta de réir an ailt seo.

(3) Foilseoidh an tAire fógra, i cibé foirm agus modh is cuí leis an Aire, i dtaobh é a bheith ar intinn ag an Aire limistéar a ainmniú le hordú faoi *fho-alt (2)*, agus áireoidh sé nó sí san fhógra—

(*a*) sonraí maidir le toghroinn amháin nó níos mó nó maidir le cuid nó codanna de thoghroinn atá sa limistéar Gaeltachta lena mbaineann agus is limistéar a bhfuil sé ar intinn ag an Aire é a ainmniú le hordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)*,

(*b*) an tréimhse ar laistigh di a fhéadfar iarratais faoi *fho-alt (4)* a dhéanamh,

(*c*) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar plean dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire,

(*d*) aon fhaisnéis eile is dóigh leis an Aire is gá chun críocha an ailt seo.

(4) Féadfaidh eagraíocht a bheidh bunaithe i gceann de na limistéir Ghaeltachta lena mbaineann, nó tadhlach leis, iarratas a dhéanamh chun Údarás na Gaeltachta chun bheith ina heagraíocht arna roghnú faoi *fho-alt (6)*.

(5) I gcás nach ndéanfaidh aon eagraíocht iarratas faoi *fho-alt (4)*, féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh lena ndearbhaítear nach limistéar Gaeltachta a thuilleadh an limistéar lena mbaineann, is ábhar d'fhógra faoi *fho-alt (3)*, agus lena ndearbhaítear an dáta nach limistéar Gaeltachta a bheidh ann dá éis.

(6) Déanfaidh Údarás na Gaeltachta, i ndáil le limistéar is ábhar d'fhógra faoi *fho-alt (3)*, eagraíocht a roghnú a rinne iarratas faoi *fho-alt (4)* agus arb í, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, an eagraíocht is cumasaí chun plean a ullmhú arb é is cuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an limistéir lena mbaineann (dá ngairtear "plean Gaeilge" san alt seo) agus an céanna a spreagadh, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl don eagraíocht sin i scríbhinn.

(7) Déanfaidh an eagraíocht lena mbaineann plean Gaeilge a ullmhú i leith an limistéir lena mbaineann agus déanfaidh sí, laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (3)*, an plean a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú.

(8) Cuideoidh Údarás na Gaeltachta leis an eagraíocht lena mbaineann maidir leis an bplean Gaeilge lena mbaineann a ullmhú.

(9) The Minister may, where the Minister considers it appropriate to do so, extend the period specified in the notice published under *subsection (3)*, within which the Irish language plan concerned shall be submitted.

(10) Where the organisation selected under *subsection (6)* does not submit the Irish language plan concerned to the Minister within the period specified in the notice published under *subsection (3)* or any extension of that period under *subsection (9)* and the Minister is of the opinion that there is no reasonable prospect that the organisation can submit such a plan within a reasonable time, the Minister may—

(*a*) request Údarás na Gaeltachta to select another organisation that made an application under *subsection (4)* to prepare and submit the Irish language plan concerned during the period specified by the Minister in the notice published under *subsection (3)* or any extension of that period under *subsection (9)*, or

(*b*) if no such organisation has applied to prepare that Irish language plan, by order declare that the area concerned, the subject of a notice published under *subsection (3)*, is no longer a Gaeltacht area and the date after which it shall not be a Gaeltacht area.

(11) Where the Minister, having regard to prescribed language planning criteria, approves of the Irish language plan submitted to him or her, the Minister shall make an order under *subsection (2)* in relation to the area concerned.

(12) Where the Minister, having regard to prescribed language planning criteria, does not approve of an Irish language plan submitted to him or her, the Minister may specify a period within which the organisation concerned shall amend and re-submit the Irish language plan.

(13) Where the Minister, having regard to prescribed language planning criteria, does not approve of an Irish language plan submitted to him or her, and the Minister is of the opinion that there is no reasonable prospect that the organisation concerned can submit a plan which meets the requirements of *subsection (6)*, within a reasonable time, the Minister may—

(*a*) request Údarás na Gaeltachta to select another organisation that has applied for selection under *subsection (4)* to prepare and submit the Irish language plan concerned during the period specified in the notice published under *subsection (3)* or any extension of the period under *subsection (9)*, or

(*b*) if no such organisation has applied to prepare that Irish language plan, by order declare that the area concerned, the subject of a notice published under *subsection (3)*, is no longer a Gaeltacht area and the date after which it shall not be a Gaeltacht area.

(9) Féadfaidh an tAire, más cuí leis an Aire déanamh amhlaidh, an tréimhse a fhadú a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (3)* agus ar laistigh di a chuirfear an plean Gaeilge faoi bhráid an Aire.

(10) I gcás nach ndéanfaidh an eagraíocht a roghnófar faoi *fho-alt (6)* an plean Gaeilge lena mbaineann a chur faoi bhráid an Aire laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (3)*, nó laistigh d'aon fhadú ar an tréimhse sin faoi *fho-alt (9)*, agus gurb é tuairim an Aire nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann gur féidir leis an eagraíocht plean den sórt sin a chur faoina bhráid nó faoina bráid laistigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh an tAire—

(*a*) a iarraidh ar Údarás na Gaeltachta eagraíocht eile a mbeidh iarratas déanta aici faoi *fho-alt (4)* a roghnú chun an plean Gaeilge lena mbaineann a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire le linn na tréimhse a bheidh sonraithe ag an Aire san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (3)* nó le linn aon fhadú ar an tréimhse sin faoi *fho-alt (9)*, nó

(*b*) mura mbeidh iarratas déanta ag aon eagraíocht den sórt sin chun an plean Gaeilge sin a ullmhú, a dhearbhú le hordú nach limistéar Gaeltachta a thuilleadh an limistéar lena mbaineann, is ábhar d'fhógra arna fhoilsiú faoi *fho-alt (3)*, agus an dáta a dhearbhú nach limistéar Gaeltachta a bheidh ann dá éis.

(11) I gcás go ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, an plean Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, déanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (2)* i ndáil leis an limistéar lena mbaineann.

(12) I gcás nach ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, plean Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, féadfaidh an tAire tréimhse a shonrú ar laistigh di a dhéanfaidh an eagraíocht lena mbaineann an plean Gaeilge a leasú agus a athchur faoi bhráid an Aire.

(13) I gcás nach ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, plean Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, agus gurb é tuairim an Aire nach bhfuil ionchas réasúnach ann gur féidir leis an eagraíocht lena mbaineann plean a chomhlíonann ceanglais *fho-alt (6)* a chur faoina bhráid nó faoina bráid, laistigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh an tAire—

(*a*) a iarraidh ar Údarás na Gaeltachta eagraíocht eile a mbeidh iarratas ar roghnú déanta aici faoi *fho-alt (4)* a roghnú chun an plean Gaeilge lena mbaineann a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire le linn na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (3)* nó le linn aon fhadú ar an tréimhse faoi *fho-alt (9)*, nó

(*b*) mura mbeidh iarratas déanta ag aon eagraíocht den sórt sin chun an plean Gaeilge sin a ullmhú, a dhearbhú le hordú nach limistéar Gaeltachta a thuilleadh an limistéar lena mbaineann, is ábhar d'fhógra arna fhoilsiú faoi *fho-alt (3)*, agus an dáta a dhearbhú nach limistéar Gaeltachta a bheidh ann dá éis.

(14) Where the Minister extends a period under *subsection (9)* or *(12)*, the provisions of this section apply, with the necessary modifications, to the extended period.

(15) Where an organisation is selected by Údarás na Gaeltachta following a request to it under *subsection 10(a)* or *(13)(a)*, the provisions of this section apply, with the necessary modifications, in relation to that organisation.

(16) An order under *subsection (5)*, *(10)(b)* or *(13)(b)* shall not prevent the Minister from exercising his or her powers under this section.

Implementation of Irish language plans in Gaeltacht Language Planning Areas.

8.—(1) Where the Minister by order under *section 7(2)* designates an area to be a Gaeltacht Language Planning Area, the organisation selected under *section 7(6)*, *(10)(a)* or *(13)(a)* shall be responsible for the implementation of the approved Irish language plan for the area so designated.

(2) Údarás na Gaeltachta shall assist the organisation concerned in respect of the implementation of the Irish language plan concerned.

(3) The Minister shall review the progress made in respect of the implementation of the Irish language plan approved of under *section 7(11)* at such intervals as appear to the Minister to be necessary or appropriate for the implementation of the plan concerned.

(4) Where following a review under *subsection (3)*, the Minister considers, after consultation with Údarás na Gaeltachta, that the plan concerned is not being implemented or is being implemented inadequately, the Minister shall by notice in writing inform the organisation concerned of—

(*a*) the deficiencies identified by the Minister in the implementation of the plan, and

(*b*) the period within which the deficiencies shall be remedied.

(5) The Minister may, where the Minister considers it appropriate to do so, extend the period within which the deficiencies referred to in the notice under *subsection (4)* shall be remedied.

(6) Where the Minister has sent a notice under *subsection (4)*, the Minister shall review the progress made in the remedying of the deficiencies referred to in *paragraph (a)* of that subsection at the end of the period referred to in *paragraph (b)* of that subsection or any extension of that period under *subsection (5)*.

(7) Where the Minister, after consultation with Údarás na Gaeltachta, considers that there is no reasonable prospect that the Irish language plan concerned will be implemented or implemented adequately, the Minister may by order revoke the designation under *section 7(2)* of the area concerned with effect from the date specified in the order.

(8) An order under *subsection (7)* shall not prevent the Minister from exercising his or her powers under *section 7* in respect of the area concerned or any part of that area.

(14) I gcás go ndéanfaidh an tAire tréimhse a fhadú faoi *fho-alt (9)* nó *(12)*, beidh feidhm ag forálacha an ailt seo, fairis na modhnuithe is gá, maidir leis an tréimhse fhadaithe.

(15) I gcás go roghnóidh Údarás na Gaeltachta eagraíocht, tar éis dó iarraidh a fháil faoi *fho-alt (10)(a)* nó *(13)(a)*, beidh feidhm ag forálacha an ailt seo, fairis na modhnuithe is gá, i ndáil leis an eagraíocht sin.

(16) Ní choiscfear ar an Aire le hordú faoi *fho-alt (5)*, *(10)(b)* nó *(13)(b)* a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú.

Pleananna Gaeilge a chur i ngníomh i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

8.—(1) I gcás go ndéanfaidh an tAire le hordú faoi *alt 7(2)* limistéar a ainmniú chun bheith ina Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, is í an eagraíocht a roghnófar faoi *alt 7(6)*, *(10)(a)* nó *(13)(a)* a bheidh freagrach as an bplean Gaeilge ceadaithe a chur i ngníomh i leith an limistéir a bheidh ainmnithe amhlaidh.

(2) Cuideoidh Údarás na Gaeltachta leis an eagraíocht lena mbaineann maidir leis an bplean Gaeilge lena mbaineann a chur i ngníomh.

(3) Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis an bplean Gaeilge arna cheadú faoi *alt 7(11)* a chur i ngníomh i gceann cibé eatraimh is dóigh leis an Aire is gá nó is cuí chun an plean lena mbaineann a chur i ngníomh.

(4) Más rud é, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (3)*, go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta, nach bhfuil an plean lena mbaineann á chur i ngníomh, nó nach bhfuil sé á chur i ngníomh go leordhóthanach, cuirfidh an tAire na nithe seo a leanas in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don eagraíocht lena mbaineann—

(*a*) na heasnaimh arna sainaithint ag an Aire ar chur i ngníomh an phlean, agus

(*b*) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh a leigheas.

(5) Féadfaidh an tAire, i gcás go measfaidh an tAire gur cuí déanamh amhlaidh, an tréimhse a fhadú ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh dá dtagraítear san fhógra faoi *fho-alt (4)* a leigheas.

(6) I gcás go mbeidh fógra faoi *fho-alt (4)* seolta ag an Aire, déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis na heasnaimh dá dtagraítear i *mír (a)* den fho-alt sin a leigheas i ndeireadh na tréimhse dá dtagraítear i *mír (b)* den fho-alt sin nó i ndeireadh aon fhadú ar an tréimhse sin faoi *fho-alt (5)*.

(7) I gcás go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar an plean Gaeilge lena mbaineann a chur i ngníomh, nó a chur i ngníomh go leordhóthanach, féadfaidh an tAire le hordú ainmniú an limistéir lena mbaineann faoi *alt 7(2)* a chúlghairm, le héifeacht ón dáta a shonrófar san ordú.

(8) Ní choiscfear ar an Aire le hordú faoi *fho-alt (7)* a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoi *alt 7* a fheidhmiú maidir leis an limistéar lena mbaineann nó le haon chuid den limistéar sin.

Gaeltacht Service Towns.

9.—(1) The Minister may, by order, designate a specified town to be a Gaeltacht Service Town in accordance with this section, where the town concerned is situated in or adjacent to a Gaeltacht Language Planning Area if there are available in that town—

(*a*) public services for the Gaeltacht Language Planning Area, and

(*b*) social, recreational and commercial facilities that are of benefit to the Gaeltacht Language Planning Area.

(2) The Minister shall publish, in such form and manner as the Minister considers appropriate, notice of the Minister's intention to designate the town to be a Gaeltacht Service Town and shall include in the notice—

(*a*) the period within which an Irish language plan referred to in *subsection (7)* is to be prepared and submitted to the Minister, and

(*b*) any other information the Minister considers necessary for the purposes of this section.

(3) An organisation based in the town concerned may apply to Údarás na Gaeltachta or Foras na Gaeilge, as may be appropriate, to be an organisation selected under *subsection (5)* or *(6)*.

(4) Where no organisation applies under *subsection (3),* the Minister may publish another notice under *subsection (2)* in relation to the town concerned.

(5) Údarás na Gaeltachta shall select, where the town concerned is situated in a Gaeltacht Language Planning Area and is the subject of a notice under *subsection (2)*, an organisation that has applied under *subsection (3)* and that, in the opinion of Údarás na Gaeltachta, is the organisation that is the most capable of preparing a plan the purpose of which is to provide for and encourage the increased use of the Irish language in the family, educational, public, social, recreational and commercial life of the town concerned (in this section referred to as an "Irish language plan"), in accordance with prescribed language planning criteria, and when it has done so, it shall notify that organisation in writing of the selection.

(6) Foras na Gaeilge shall select, where the town concerned is situated otherwise than in a Gaeltacht Language Planning Area and is the subject of a notice under *subsection (2)*, an organisation that has applied under *subsection (3)* and that, in the opinion of Foras na Gaeilge, is the organisation that is the most capable of preparing an Irish language plan, in accordance with prescribed language planning criteria, and when it has done so, it shall notify that organisation in writing of the selection.

(7) The organisation concerned shall prepare an Irish language plan in respect of the town concerned and shall submit the plan to the Minister for approval.

(8) Údarás na Gaeltachta or Foras na Gaeilge, as may be appropriate, shall assist the organisation concerned with respect to the preparation of the Irish language plan concerned.

Bailte Seirbhíse Gaeltachta.

9.—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, baile sonraithe a ainmniú chun bheith ina Bhaile Seirbhíse Gaeltachta de réir an ailt seo, i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, nó tadhlach leis, má tá na nithe seo a leanas ar fáil sa bhaile sin—

(*a*) seirbhísí poiblí le haghaidh an Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, agus

(*b*) saoráidí sóisialta, áineasa agus tráchtála a théann chun tairbhe don Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta.

(2) Foilseoidh an tAire fógra, i cibé foirm agus modh is cuí leis an Aire, i dtaobh é a bheith ar intinn ag an Aire an baile a ainmniú chun bheith ina Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus áireoidh sé nó sí san fhógra—

(*a*) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar plean Gaeilge dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, agus

(*b*) aon fhaisnéis eile is dóigh leis an Aire is gá chun críocha an ailt seo.

(3) Féadfaidh eagraíocht atá bunaithe sa bhaile lena mbaineann iarratas a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta nó chuig Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, chun bheith ina heagraíocht arna roghnú faoi *fho-alt (5)* nó *(6)*.

(4) I gcás nach ndéanfaidh aon eagraíocht iarratas faoi *fho-alt (3)*, féadfaidh an tAire fógra eile a fhoilsiú faoi *fho-alt (2)* i ndáil leis an mbaile lena mbaineann.

(5) Déanfaidh Údarás na Gaeltachta, i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta agus go bhfuil sé ina ábhar d'fhógra faoi *fho-alt (2)*, eagraíocht a roghnú a rinne iarratas faoi *fho-alt (3)* agus arb í, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, an eagraíocht is cumasaí chun plean a ullmhú arb é is cuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an bhaile lena mbaineann (dá ngairtear "plean Gaeilge" san alt seo) agus an céanna a spreagadh, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl don eagraíocht sin i scríbhinn.

(6) Déanfaidh Foras na Gaeilge, i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite in áit seachas Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta agus go bhfuil sé ina ábhar d'fhógra faoi *fho-alt (2)*, eagraíocht a roghnú a mbeidh iarratas déanta aici faoi *fho-alt (3)*, agus arb í an eagraíocht is cumasaí, i dtuairim Fhoras na Gaeilge, chun plean Gaeilge a ullmhú, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl don eagraíocht sin i scríbhinn.

(7) Ullmhóidh an eagraíocht lena mbaineann plean Gaeilge i leith an bhaile lena mbaineann agus cuirfidh sí an plean faoi bhráid an Aire lena cheadú.

(8) Cuideoidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, leis an eagraíocht lena mbaineann maidir leis an bplean Gaeilge lena mbaineann a ullmhú.

(9) The Minister may, where the Minister considers it appropriate to do so, extend the period specified in the notice published under *subsection (2)* within which the Irish language plan concerned shall be submitted.

(10) Where the organisation selected under *subsection (5)* or *(6)* does not submit the Irish language plan concerned to the Minister within the period referred to in the notice published under *subsection (2)*, or any extension of that period under *subsection (9)*, and the Minister is of the opinion that there is no reasonable prospect that the organisation can submit such a plan within a reasonable time, the Minister may—

(*a*) request Údarás na Gaeltachta or Foras na Gaeilge, as may be appropriate, to select another organisation which has applied for selection under *subsection (3)* to prepare and submit the Irish language plan concerned during the period specified in the notice published under *subsection (2)*, or any extension of that period under *subsection (9)*, and to notify that organisation in writing of the selection, or

(*b*) publish another notice under *subsection (2)* in relation to the town concerned.

(11) Where the Minister, having regard to prescribed language planning criteria, approves of the Irish language plan submitted to him or her, the Minister shall make an order under *subsection (1)* in relation to the town concerned.

(12) Where the Minister, having regard to prescribed language planning criteria, does not approve of an Irish language plan submitted to him or her, the Minister may extend the period concerned to permit the organisation concerned to amend and re-submit the Irish language plan.

(13) Where the Minister, having regard to prescribed language planning criteria, does not approve of an Irish language plan submitted to him or her, and the Minister is of the opinion that there is no reasonable prospect that the organisation can submit such a plan within a reasonable time, the Minister may—

(*a*) request Údarás na Gaeltachta or Foras na Gaeilge, as may be appropriate, to invite another organisation which has applied for selection under *subsection (3)* to prepare and submit the Irish language plan concerned during the period specified in the notice published under *subsection (2)* and to notify that organisation in writing of the selection, or

(*b*) publish another notice under *subsection (2)* in relation to the town concerned.

(14) Where the Minister extends a period under *subsection (9)* or *(12)*, the provisions of this section apply, with the necessary modifications, to the extended period.

(9) Féadfaidh an tAire, más cuí leis an Aire déanamh amhlaidh, an tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (2)* a fhadú, is tréimhse ar laistigh di a dhéanfar an plean Gaeilge lena mbaineann a chur faoi bhráid an Aire.

(10) I gcás nach ndéanfaidh an eagraíocht a roghnófar faoi *fho-alt (5)* nó *(6)* an plean Gaeilge lena mbaineann a chur faoi bhráid an Aire laistigh den tréimhse dá dtagraítear san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (2)* nó laistigh d'aon fhadú ar an tréimhse sin faoi *fho-alt (9)*, agus gurb é tuairim an Aire nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann gur féidir leis an eagraíocht plean den sórt sin a chur faoina bhráid nó faoina bráid laistigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh an tAire—

(*a*) a iarraidh ar Údarás na Gaeltachta nó ar Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, eagraíocht eile a mbeidh iarratas ar roghnú déanta aici faoi *fho-alt (3)* a roghnú chun an plean Gaeilge lena mbaineann a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire le linn na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (2)* nó le linn aon fhadú ar an tréimhse sin faoi *fho-alt (9)* agus fógra i scríbhinn a thabhairt don eagraíocht sin faoin roghnú, nó

(*b*) fógra eile a fhoilsiú faoi *fho-alt (2)* i ndáil leis an mbaile lena mbaineann.

(11) I gcás go ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, an plean Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, déanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (1)* i ndáil leis an mbaile lena mbaineann.

(12) I gcás nach ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, plean Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, féadfaidh an tAire an tréimhse lena mbaineann a fhadú chun a cheadú don eagraíocht lena mbaineann an plean Gaeilge a leasú agus a athchur faoina bhráid nó faoina bráid.

(13) I gcás nach ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, plean Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, agus gurb é tuairim an Aire nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann gur féidir leis an eagraíocht plean den sórt sin a chur faoina bhráid nó faoina bráid laistigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh an tAire—

(*a*) a iarraidh ar Údarás na Gaeltachta nó ar Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, cuireadh a thabhairt d'eagraíocht eile a mbeidh iarratas ar roghnú déanta aici faoi *fho-alt (3)* an plean Gaeilge lena mbaineann a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire le linn na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi *fho-alt (2)* agus fógra i scríbhinn a thabhairt don eagraíocht sin faoin roghnú, nó

(*b*) fógra eile a fhoilsiú faoi *fho-alt (2)* i ndáil leis an mbaile lena mbaineann.

(14) I gcás go ndéanfaidh an tAire tréimhse a fhadú faoi *fho-alt (9)* nó *(12)*, beidh feidhm ag forálacha an ailt seo, fairis na modhnuithe is gá, maidir leis an tréimhse fhadaithe.

(15) Where Údarás na Gaeltachta or Foras na Gaeilge selects an organisation following a request to it under *subsection (10)(a)* or *(13)(a)*, the provisions of this section apply, with the necessary modifications, in relation to that organisation.

Implementation of Irish language plans in Gaeltacht Service Towns.

10.—(1) The organisation selected under *section 9* shall be responsible for the implementation of the Irish language plan after it has been approved by the Minister under *section 9(11)*.

(2) The organisation concerned shall be assisted, in respect of the implementation of the Irish language plan concerned—

(*a*) where the town concerned is situated in a Gaeltacht Language Planning Area or a Gaeltacht area, by Údarás na Gaeltachta, or

(*b*) where the town is otherwise situated, by Foras na Gaeilge.

(3) The Minister shall review the progress made in respect of the implementation of the Irish language plan approved of under *section 9(11)* at such intervals as appear to the Minister to be necessary or appropriate for the implementation of the plan concerned.

(4) Where following a review under *subsection (3)*, the Minister considers, after consultation with Údarás na Gaeltachta or Foras na Gaeilge, as may be appropriate, that the plan concerned is not being implemented or is being implemented inadequately, the Minister shall by notice in writing inform the organisation concerned of—

(*a*) the deficiencies identified by the Minister in the implementation of the plan, and

(*b*) the period within which the deficiencies shall be remedied.

(5) The Minister may, where the Minister considers it appropriate to do so, extend the period within which the deficiencies referred to in the notice under *subsection (4)* shall be remedied.

(6) Where the Minister has sent a notice under *subsection (4)*, the Minister shall review the progress made in the remedying of the deficiencies referred to in *paragraph (a)* of that subsection at the end of the period referred to in *paragraph (b)* of that subsection or any extension of that period under *subsection (5)*.

(7) Where the Minister, after consultation with Údarás na Gaeltachta or Foras na Gaeilge, as may be appropriate, considers that there is no reasonable prospect that the Irish language plan concerned will be implemented or implemented adequately, the Minister may by order revoke the designation of the town concerned as a Gaeltacht Service Town with effect from the date specified in the order.

(8) An order under *subsection (7)* shall not prevent the Minister from exercising his or her powers under *section 9*.

(15) I gcás go ndéanfaidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge eagraíocht a roghnú tar éis dó iarraidh a fháil faoi *fho-alt (10)(a)* nó *(13)(a)*, beidh feidhm ag forálacha an ailt seo, fairis na modhnuithe is gá, i ndáil leis an eagraíocht sin.

Pleananna Gaeilge a chur i ngníomh i mBailte Seirbhíse Gaeltachta.

10.—(1) Beidh an eagraíocht a roghnófar faoi *alt 9* freagrach as an bplean Gaeilge a chur i ngníomh tar éis don Aire é a cheadú faoi *alt 9(11)*.

(2) Is é a chuideoidh leis an eagraíocht lena mbaineann maidir leis an bplean Gaeilge a chur i ngníomh—

(*a*) i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó i Limistéar Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, nó

(*b*) i gcás go bhfuil an baile suite in áit eile, Foras na Gaeilge.

(3) Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis an bplean Gaeilge arna cheadú faoi *alt 9(11)* a chur i ngníomh, i gceann cibé eatraimh is dóigh leis an Aire is gá nó is cuí chun an plean lena mbaineann a chur i ngníomh.

(4) Más rud é, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (3)*, go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta nó le Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, nach bhfuil an plean lena mbaineann á chur i ngníomh nó nach bhfuil sé á chur i ngníomh go leordhóthanach, cuirfidh an tAire na nithe seo a leanas in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don eagraíocht lena mbaineann—

(*a*) na heasnaimh arna sainaithint ag an Aire ar chur i ngníomh an phlean, agus

(*b*) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh a leigheas.

(5) Féadfaidh an tAire, i gcás gur cuí leis an Aire déanamh amhlaidh, an tréimhse a fhadú ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh dá dtagraítear san fhógra faoi *fho-alt (4)* a leigheas.

(6) I gcás go mbeidh fógra faoi *fho-alt (4)* seolta ag an Aire, déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis na heasnaimh dá dtagraítear i *mír (a)* den fho-alt sin a leigheas i ndeireadh na tréimhse dá dtagraítear i *mír (b)* den fho-alt sin nó i ndeireadh aon fhadú ar an tréimhse sin faoi *fho-alt (5)*.

(7) I gcás go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta nó le Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar an plean Gaeilge lena mbaineann a chur i ngníomh nó a chur i ngníomh go leordhóthanach, féadfaidh an tAire, le hordú, ainmniú an bhaile lena mbaineann mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a chúlghairm le héifeacht ón dáta a shonrófar san ordú.

(8) Ní choiscfear le hordú faoi *fho-alt (7)* ar an Aire a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú faoi *alt 9*.

Irish Language Networks.

11.—(1) The Minister may by order designate a specified community, other than a community in a Gaeltacht Language Planning Area or a Gaeltacht area, to be an Irish Language Network.

(2) A community specified in an order made under *subsection (1)* shall be a community which—

(*a*) supports the use of the Irish language, and

(*b*) has agreed to the implementation of an Irish language plan referred to in *subsection (3)*.

(3) An organisation within a community to which *subsection (2)* applies and which Foras na Gaeilge considers to be representative of the community concerned may prepare, with the assistance of Foras na Gaeilge, an Irish language plan to be implemented by that community and submit that plan to the Minister.

(4) Where the Minister, having regard to prescribed language planning criteria, approves of a plan referred to in *subsection (3)*, the Minister shall make an order under *subsection (1)*, and the organisation concerned shall implement the plan.

(5) The Minister shall review the progress made as respects the implementation of a plan referred to in *subsection (4)* at such intervals as appear to the Minister to be necessary and appropriate for the implementation of the plan concerned.

(6) Where following a review under *subsection (5)*, the Minister considers, after consultation with Foras na Gaeilge, that the plan concerned is not being implemented or is being implemented inadequately, the Minister shall by notice in writing inform the organisation concerned of—

(*a*) the deficiencies identified by the Minister in the implementation of the plan, and

(*b*) the period within which the deficiencies shall be remedied.

(7) The Minister may extend the period within which the deficiencies referred to in the notice under *subsection (6)* shall be remedied.

(8) Where the Minister has sent a notice under *subsection (6)* the Minister shall review the progress made in the remedying of the deficiencies referred to in *paragraph (a)* of that subsection at the end of the period referred to in *paragraph (b)* of that subsection or any extension of that period under *subsection (7)*.

(9) Where the Minister, after consultation with Foras na Gaeilge, considers that there is no reasonable prospect that the Irish language plan concerned will be implemented or implemented adequately, the Minister may by order revoke the designation of the community concerned as of the date specified in the order.

Language Planning Criteria.

12.—The Minister shall prescribe language planning criteria, which may include—

11.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú, pobal sonraithe, seachas pobal i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó i limistéar Gaeltachta, a ainmniú chun bheith ina Líonra Gaeilge. Líonraí Gaeilge.

(2) Maidir le pobal a shonrófar in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, is pobal é—

(*a*) a thacaíonn le húsáid na Gaeilge, agus

(*b*) a chomhaontaigh plean Gaeilge dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a chur i ngníomh.

(3) Féadfaidh aon eagraíocht laistigh de phobal lena mbaineann *fo-alt (2)*, agus a measfaidh Foras na Gaeilge í a bheith ionadaitheach don phobal lena mbaineann, plean Gaeilge a ullmhú, le cúnamh ó Fhoras na Gaeilge, ar plean é a bheidh le cur i ngníomh ag an bpobal sin, agus an plean sin a chur faoi bhráid an Aire.

(4) I gcás go ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, plean dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a cheadú, déanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (1)*, agus cuirfidh an eagraíocht lena mbaineann an plean i ngníomh.

(5) Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le plean dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a chur i ngníomh i gceann cibé eatraimh is dóigh leis an Aire is gá agus is cuí chun an plean lena mbaineann a chur i ngníomh.

(6) Más rud é, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (5)*, go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Foras na Gaeilge, nach bhfuil an plean lena mbaineann á chur i ngníomh, nó nach bhfuil sé á chur i ngníomh go leordhóthanach, cuirfidh an tAire na nithe seo a leanas in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don eagraíocht lena mbaineann—

(*a*) na heasnaimh arna sainaithint ag an Aire ar chur i ngníomh an phlean, agus

(*b*) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh a leigheas.

(7) Féadfaidh an tAire an tréimhse a fhadú ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh dá dtagraítear san fhógra faoi *fho-alt (6)* a leigheas.

(8) I gcás go mbeidh fógra faoi *fho-alt (6)* seolta ag an Aire, déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis na heasnaimh dá dtagraítear i *mír (a)* den fho-alt sin a leigheas i ndeireadh na tréimhse dá dtagraítear i *mír (b)* den fho-alt sin nó i ndeireadh aon fhadú ar an tréimhse sin faoi *fho-alt (7)*.

(9) I gcás go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Foras na Gaeilge, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar an plean Gaeilge lena mbaineann a chur i ngníomh nó a chur i ngníomh go leordhóthanach, féadfaidh an tAire, le hordú, ainmniú an phobail lena mbaineann a chúlghairm amhail ar an dáta a shonraítear san ordú.

12.—Forordóidh an tAire critéir pleanála teanga, agus féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh iontu— Critéir Pleanála Teanga.

(*a*) the proportion of the population concerned which speaks the Irish language,

(*b*) the availability of education in Irish,

(*c*) the availability of childcare and family support services in the Irish language,

(*d*) the extent of the use of the Irish language in commerce and industry,

(*e*) the extent of the use of the Irish language socially and recreationally,

(*f*) the use of Irish in the provision of public services,

to which he or she shall have regard for the purpose of approving Irish language plans for Gaeltacht Language Planning Areas, Gaeltacht Service Towns and Irish Language Networks.

Preservation of contracts made by Údarás na Gaeltachta.

13.—Notwithstanding the making of an order under *section 7(5)*, *(10)(b)* or *(13)(b)* or *8(7)*, a contract or agreement made between Údarás na Gaeltachta and any other person which is in force immediately before the making of an order under those sections shall continue in force, in accordance with and subject to its terms.

PART 3

Amendment of Údarás na Gaeltachta Act 1979

Definition (*Part 3*).

14.—In this Part "Principal Act" means the Údarás na Gaeltachta Act 1979.

Amendment of section 2 of Principal Act.

15.—Section 2 of the Principal Act is amended by—

(*a*) the insertion in the definition of "the Gaeltacht" after "the Ministers and Secretaries (Amendment) Act, 1956" of "and areas designated by order under *section 7(2)* of the *Gaeltacht Act 2012* to be Gaeltacht Language Planning Areas",

(*b*) the insertion of the following definitions:

" 'county council' has the same meaning as it has in the Local Government Act 2001;

'Gaeltacht Language Planning Area' has the same meaning as it has in *Part 2* of the *Gaeltacht Act 2012*;", and

(*c*) the deletion of the definition of "regional committee".

Amendment of section 6 of Principal Act.

16.—Section 6 of the Principal Act is amended by the substitution of the following for subsections (2) and (2A) (as amended by section 3 of the Údarás na Gaeltachta (Amendment) (No. 2) Act 1999)—

"(2) (*a*) An tÚdarás shall consist of the following members:

(*a*) an cion den daonra lena mbaineann a labhraíonn Gaeilge,

(*b*) oideachas a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge,

(*c*) seirbhísí cúraim leanaí agus tacaíochta teaghlaigh a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge,

(*d*) a mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí tráchtála agus tionscail,

(*e*) a mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa,

(*f*) úsáid na Gaeilge le linn seirbhísí poiblí a sholáthar,

agus beidh aird aige nó aici ar na nithe sin chun pleananna Gaeilge a cheadú le haghaidh Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge.

Conarthaí arna ndéanamh ag Údarás na Gaeltachta a chaomhnú.

13.—D'ainneoin ordú a dhéanamh faoi *alt 7(5)*, *(10)(b)* nó *(13)(b)* nó *8(7)*, maidir le conradh nó comhaontú arna dhéanamh idir Údarás na Gaeltachta agus aon duine eile, ar conradh nó comhaontú é a bheidh i bhfeidhm díreach roimh ordú a dhéanamh faoi na hailt sin, leanfaidh sé i bhfeidhm de réir a chuid téarmaí agus faoina réir.

CUID 3

Leasú ar an Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979

Míniú (*Cuid 3*).

14.—Sa Chuid seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

15.—Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—

(*a*) trí "agus limistéir a ainmneofar le hordú faoi *alt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012* chun bheith ina Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta" a chur isteach sa mhíniú ar "an Ghaeltacht" i ndiaidh "den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956",

(*b*) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"tá le 'comhairle contae' an bhrí chéanna atá leis san Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

tá le 'Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta' an bhrí chéanna atá leis i *gCuid 2 d'Acht na Gaeltachta, 2012*;", agus

(*c*) tríd an míniú ar "coiste réigiúnach" a scriosadh.

Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht.

16.—(1) Leasaítear alt 6 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) agus (2A) (arna leasú le halt 3 den Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999)—

"(2) (*a*) Is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an Údarás:

(i) a chairperson, who shall be appointed by the Minister;

(ii) one ordinary member, who shall be appointed by the Minister, on the nomination of the county council of County Donegal from amongst its members, or if no member of that county council is available or considered suitable for appointment by that county council, from amongst persons whom the county council considers to be representative of one or more than one of the Gaeltacht areas or Gaeltacht Language Planning Areas in that county;

(iii) one ordinary member, who shall be appointed by the Minister, on the nomination of the county council of County Mayo from amongst its members, or if no member of that county council is available or considered suitable for appointment by that county council, from amongst persons whom the county council considers to be representative of one or more than one of the Gaeltacht areas or Gaeltacht Language Planning Areas in that county;

(iv) one ordinary member, who shall be appointed by the Minister, on the nomination of the county council of County Galway from amongst its members, or if no member of that county council is available or considered suitable for appointment by that county council, from amongst persons whom the county council considers to be representative of one or more than one of the Gaeltacht areas or Gaeltacht Language Planning Areas in that county;

(v) one ordinary member, who shall be appointed by the Minister, on the nomination of the county council of County Kerry from amongst its members, or if no member of that county council is available or considered suitable for appointment by that county council, from amongst persons whom the county council considers to be representative of one or more than one of the Gaeltacht areas or Gaeltacht Language Planning Areas in that county;

(vi) one ordinary member, who shall be appointed by the Minister for a period of 2 years on the nomination of each of the county councils of the counties of Cork, Meath and Waterford in accordance with paragraph (*b*);

(vii) 6 ordinary members, who shall be appointed by the Minister.

(*b*) (i) Each of the county councils referred to in paragraph (*a*)(vi) shall nominate the ordinary

(i) cathaoirleach, a gceapfaidh an tAire é nó í;

(ii) gnáthchomhalta amháin, a gceapfaidh an tAire é nó í, ar ainmniú chomhairle contae Chontae Dhún na nGall as measc a comhaltaí, nó mura mbeidh comhalta ar bith den chomhairle contae sin ar fáil nó mura measfar comhalta ar bith di a bheith oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh ag an gcomhairle contae sin, as measc daoine a mheasfaidh an chomhairle contae a bheith ionadaitheach do limistéar amháin nó níos mó de na limistéir Ghaeltachta nó de na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta sa chontae sin;

(iii) gnáthchomhalta amháin, a gceapfaidh an tAire é nó í, ar ainmniú chomhairle contae Chontae Mhaigh Eo as measc a comhaltaí, nó mura mbeidh comhalta ar bith den chomhairle contae sin ar fáil nó mura measfar comhalta ar bith di a bheith oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh ag an gcomhairle contae sin, as measc daoine a mheasfaidh an chomhairle contae a bheith ionadaitheach do limistéar amháin nó níos mó de na limistéir Ghaeltachta nó de na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta sa chontae sin;

(iv) gnáthchomhalta amháin, a gceapfaidh an tAire é nó í, ar ainmniú chomhairle contae Chontae na Gaillimhe as measc a comhaltaí, nó mura mbeidh comhalta ar bith den chomhairle contae sin ar fáil nó mura measfar comhalta ar bith di a bheith oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh ag an gcomhairle contae sin, as measc daoine a mheasfaidh an chomhairle contae a bheith ionadaitheach do limistéar amháin nó níos mó de na limistéir Ghaeltachta nó de na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta sa chontae sin;

(v) gnáthchomhalta amháin, a gceapfaidh an tAire é nó í, ar ainmniú chomhairle contae Chontae Chiarraí as measc a comhaltaí, nó mura mbeidh comhalta ar bith den chomhairle contae sin ar fáil nó mura measfar comhalta ar bith di a bheith oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh ag an gcomhairle contae sin, as measc daoine a mheasfaidh an chomhairle contae a bheith ionadaitheach do limistéar amháin nó níos mó de na limistéir Ghaeltachta nó de na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta sa chontae sin;

(vi) gnáthchomhalta amháin, a gceapfaidh an tAire é nó í go ceann tréimhse 2 bhliain ar ainmniú ó gach ceann de chomhairlí contae chontaetha Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge de réir mhír (*b*);

(vii) 6 ghnáthchomhalta, a gceapfaidh an tAire iad.

(*b*) (i) Déanfaidh gach ceann de na comhairlí contae dá dtagraítear i mír (*a*)(vi) an gnáthchomhalta dá

member referred to in that paragraph from amongst the members of the county council concerned or, if no member of one of the county councils concerned is available or considered suitable for appointment by the county council concerned, from amongst persons whom the county council concerned considers to be representative of one or more than one of the Gaeltacht areas or Gaeltacht Language Planning Areas in the county concerned.

(ii) The order in which persons nominated under paragraph (*b*)(i) shall be appointed to an tÚdarás shall be determined by the Minister by lot.

(2A) The Minister shall not appoint a person to an tÚdarás unless the Minister is satisfied that the person has experience of, or shown capacity in, matters relevant to the functions of an tÚdarás, including the capacity to discharge functions in relation to an tÚdarás in the Irish language.".

Amendment of section 8 of Principal Act.

17.—Section 8 (as amended by section 4 of the Údarás na Gaeltachta (Amendment) (No. 2) Act 1999) of the Principal Act is amended—

(*a*) in subsection (1) by the deletion of "and shall ensure that Irish is used to the greatest extent possible in the performance by it and on its behalf of its functions",

(*b*) by the insertion of the following after subsection (1):

"(1A) An tÚdarás shall promote the linguistic, cultural, social, physical and economic development of the Gaeltacht.

(1B) An tÚdarás shall, in consultation with the Minister, provide assistance to organisations, in respect of the development of Irish language plans, within the meaning of *Part 2* of the *Gaeltacht Act 2012*, for the Gaeltacht.",

(*c*) by the insertion of the following after subsection (3):

"(3A) An tÚdarás may carry on, control and manage in the Gaeltacht in respect of the linguistic, cultural, social, physical and economic development of the Gaeltacht, such schemes, projects, programmes and facilities as it thinks fit.",

(*d*) by the insertion of the following after subsection (6A):

"(6B) An tÚdarás may, with the consent of the Minister and the Minister for Public Expenditure and Reform, deliver services on behalf of other State bodies in the Gaeltacht.",

and

(*e*) by the insertion of the following after subsection (8)—

dtagraítear sa mhír sin a ainmniú as measc chomhaltaí na comhairle contae lena mbaineann nó, mura mbeidh comhalta ar bith de cheann amháin de na comhairlí contae lena mbaineann ar fáil nó mura measfar comhalta ar bith di a bheith oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh ag an gcomhairle contae lena mbaineann, as measc daoine a mheasfaidh an chomhairle contae lena mbaineann a bheith ionadaitheach do limistéar amháin nó níos mó de na limistéir Ghaeltachta nó de na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta sa chontae lena mbaineann.

(ii) Is é nó is í an tAire a chinnfidh trí chrannchur an t-ord ina gceapfar daoine a ainmneofar faoi mhír (*b*)(i) chun an Údaráis.

(2A) Ní cheapfaidh an tAire duine chun an Údaráis mura deimhin leis an Aire go bhfuil taithí ag an duine ar nithe, nó cumas léirithe aige nó aici i nithe, atá ábhartha i leith fheidhmeanna an Údaráis, lena n-áirítear an cumas chun feidhmeanna i ndáil leis an Údarás a chomhall trí mheán na Gaeilge.".

Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht.

17.—Leasaítear alt 8 (arna leasú le halt 4 den Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999) den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1) trí "agus cinnteoidh sé gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann" a scriosadh,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Déanfaidh an tÚdarás forbairt teanga, chultúir, shóisialta, fhisiciúil agus eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn.

(1B) Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhairle leis an Aire, cúnamh a sholáthar d'eagraíochtaí, i leith pleananna Gaeilge a fhorbairt, de réir bhrí *Chuid 2 d'Acht na Gaeltachta, 2012*, don Ghaeltacht.",

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Féadfaidh an tÚdarás cibé scéimeanna, tionscadail, cláir agus saoráidí is cuí leis a sheoladh, a rialú agus a bhainistiú sa Ghaeltacht i leith fhorbairt teanga, chultúir, shóisialta, fhisiciúil agus eacnamaíoch na Gaeltachta.",

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6A):

"(6B) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, seirbhísí a sheachadadh thar ceann comhlachtaí Stáit eile sa Ghaeltacht.", agus

(*e*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8)—

"(9) An tÚdarás shall ensure that the Irish language is used to the greatest extent possible in the performance by it and on its behalf of its functions.".

Amendment of section 10 of Principal Act.

18.—Section 10 of the Principal Act is amended—

(*a*) by the substitution of the following for subsection (1):

"(1) For the purposes of the performance of the functions specified in section 8, an tÚdarás shall, subject to this section, have power to provide financial assistance (including the making of grants, the purchase of shares and the incurring of expenditure on buildings or otherwise) on such terms and subject to such conditions as it thinks proper.",

(*b*) in subsection (4), by the insertion of the following ", unless directed otherwise by the Minister, with the prior consent of the Minister for Public Expenditure and Reform and the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation," after "An tÚdarás shall not", and

(*c*) by the deletion of subsection (6).

Amendment of section 10B of Principal Act.

19.—Section 10B (amended by section 7 of the Údarás na Gaeltachta (Amendment) (No. 2) Act 1999) of the Principal Act is amended in subsection (2) by the substitution of "two-thirds" for "three-quarters".

Amendment of section 10C of Principal Act.

20.—Section 10C (amended by section 8 of the Údarás na Gaeltachta (Amendment) (No. 2) Act 1999) of the Principal Act is amended—

(*a*) in subsection (1), by the substitution of "5 other members" for "7 other members",

(*b*) by the substitution of the following for subsection (2)—

"(2) The chairperson of an tÚdarás shall be the chairperson of the Evaluation Committee, and, in the chairperson's absence, a member chosen by those present shall chair a meeting of the Evaluation Committee.",

and

(*c*) in subsection (3), by the substitution of the following for paragraph (*a*):

"(*a*) one member of an tÚdarás who is nominated by the members of an tÚdarás,".

Amendment of section 20A of Principal Act.

21.—Section 20A (inserted by section 14 of the Údarás na Gaeltachta (Amendment) (No. 2) Act 1999) of the Principal Act is amended—

(*a*) in subsection (6), by the substitution of "section 8(1), (1A), (1B), (3A) and (9)" for "section 8(1)",

(*b*) by the insertion of the following after subsection (6)—

"(9) Cinnteoidh an tÚdarás gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann.".

18.—Leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht.

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Chun na feidhmeanna a shonraítear in alt 8 a chomhlíonadh, beidh cumhacht ag an Údarás, faoi réir an ailt seo, cúnamh airgid a thabhairt (lena n-áirítear deontais a thabhairt, scaireanna a cheannach agus caiteachas a thabhú ar fhoirgnimh nó eile) ar cibé téarmaí agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis.",

(*b*) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas ", mura n-ordóidh an tAire a mhalairt, le toiliú roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta," a chur isteach i ndiaidh "Ní thabharfaidh an tÚdarás", agus

(*c*) trí fho-alt (6) a scriosadh.

19.—Leasaítear alt 10B (arna leasú le halt 7 den Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999) den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) trí "dhá thrian" a chur in ionad "trí cheathrú". Leasú ar alt 10B den Phríomh-Acht.

20.—Leasaítear alt 10C (arna leasú le halt 8 den Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999) den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 10C den Phríomh-Acht.

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "5 chomhalta eile" a chur in ionad "7 gcomhalta eile",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2)—

"(2) Beidh cathaoirleach an Údaráis ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste Meastóireachta, agus, i gcás go mbeidh an cathaoirleach as láthair, rachaidh comhalta a roghnóidh na comhaltaí atá i láthair i gceannas ar chruinniú den Choiste Meastóireachta.", agus

(*c*) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) comhalta amháin den Údarás a bheidh ainmnithe ag comhaltaí an Údaráis,".

21.—Leasaítear alt 20A (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999) den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 20A den Phríomh-Acht.

(*a*) i bhfo-alt (6), trí "alt 8(1), (1A), (1B), (3A) agus (9)" a chur in ionad "alt 8(1)",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6)—

"(6A) The Minister may, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform and the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation, give directions in writing to an tÚdarás to promote the development of particular industrial and employment sectors.".

Amendment of First Schedule to Principal Act.

22.—(1) The First Schedule to the Principal Act is amended—

(*a*) by the substitution of the following for paragraph 2:

"2. A member of an tÚdarás other than a member appointed in accordance with section 6(2)(*a*)(vi) shall, unless the member sooner dies, resigns, becomes disqualified or is removed from office, hold office for such period not exceeding five years as the Minister may determine when appointing him or her.",

(*b*) by the substitution of the following for paragraph (3):

"3. A member of an tÚdarás whose term of office expires by the effluxion of time shall be eligible for reappointment but shall not be appointed to office for more than two consecutive terms.",

(*c*) in paragraph 4, by the deletion of "or when the member is elected under Part IV of this Act",

(*d*) in paragraph 5(1), by the deletion of "(other than the elected members)",

(*e*) by the deletion of paragraph 5(2),

(*f*) in paragraph 5(3), by the deletion of "or co-opted",

(*g*) in paragraph 6, by the deletion of "(other than an elected member)",

(*h*) in paragraph 7, by the substitution of the following for subparagraph (1):

"(1) A member of an tÚdarás may resign his or her office by letter addressed to the Minister, and the resignation shall take effect on the date specified in the letter.",

(*i*) in paragraph 7(3), by the deletion of "(other than an elected member)",

(*j*) in paragraph 7(4), by the deletion of "(other than an elected member)",

(*k*) in paragraph 10(4), by the substitution of "Every question" for "Subject to paragraph 5(2) every question", and

(*l*) in paragraph 11, by the deletion of "(being a regional committee or other committee established under section 10A or the Evaluation Committee)".

(2) Notwithstanding the amendment of the First Schedule of the Principal Act by *subsection (1)*, a person elected as a member of an

"(6A) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ordacháin i scríbhinn a thabhairt don Údarás chun forbairt earnálacha tionscail agus fostaíochta áirithe a chur chun cinn.".

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

22.—(1) Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 2:

"2. Beidh comhalta den Údarás seachas comhalta arna cheapadh nó arna ceapadh de réir alt 6(2)(*a*)(vi) i seilbh oifige, mura túisce a éagfaidh an comhalta, a éireoidh sé nó sí as oifig, a thiocfaidh sé nó sí faoi dhícháilíocht nó a chuirfear as oifig é nó í, ar feadh cibé tréimhse nach faide ná cúig bliana a chinnfidh an tAire nuair a bheidh an comhalta á cheapadh nó á ceapadh aige nó aici.",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (3):

"3. Féadfar comhalta den Údarás a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire a athcheapadh ach ní cheapfar é nó í chun oifige ar feadh níos mó ná dhá théarma chomhleanúnacha.",

(*c*) i mír 4, trí "nó nuair a bheidh an comhalta tofa faoi Chuid IV den Acht seo" a scriosadh,

(*d*) i mír 5(1), trí "(seachas na comhaltaí tofa)" a scriosadh,

(*e*) trí mhír 5(2) a scriosadh,

(*f*) i mír 5(3), trí "nó a chomhthoghfar" a scriosadh,

(*g*) i mír 6, trí "(seachas comhalta tofa)" a scriosadh,

(*h*) i mír 7, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (1):

"(1) Féadfaidh comhalta den Údarás éirí as a oifig nó as a hoifig trí litir a bheidh dírithe chun an Aire, agus glacfaidh an t-éirí as éifeacht ar an dáta a shonrófar sa litir.",

(*i*) i mír 7(3), trí "(seachas comhalta tofa)" a scriosadh,

(*j*) i mír 7(4), trí "(seachas comhalta tofa)" a scriosadh,

(*k*) i mír 10(4), trí "Cinnfear gach ceist" a chur in ionad "Faoi réir mhír 5(2) cinnfear gach ceist", agus

(*l*) i mír 11, trí "(arb é atá ann coiste réigiúnach nó coiste eile arna bhunú faoi alt 10A nó an Coiste Meastóireachta)" a scriosadh.

(2) D'ainneoin leasú an Chéad Sceidil den Phríomh-Acht le *fo-alt (1)*, aon duine a thoghfar mar chomhalta den Údarás de réir Chuid

tÚdarás in accordance with Part IV of the Principal Act, prior to the coming into force of this section, shall continue to be a member of an tÚdarás, unless he or she sooner dies or resigns from an tÚdaras, until 30 September 2012.

PART 4

Miscellaneous

Amendment of Electoral Act 1992.

23.—(1) The Electoral Act 1992 is amended—

(*a*) in section 15(1A)(*c*) (amended by section 6(*b*) of the Act of 2001), by the substitution of "or local" for "local or Údarás na Gaeltachta",

(*b*) in section 15(5) (amended by section 6(*d*) of the Act of 2001), by the deletion of "(including an election to Údarás na Gaeltachta)",

(*c*) in section 15A(4) (amended by section 7(*c*) of the Act of 2001), by the deletion of "or an election to Údarás na Gaeltachta",

(*d*) in section 15A(5) (amended by section 7(*d*) of the Act of 2001), by the deletion of "or an election to Údarás na Gaeltachta",

(*e*) in section 15B(4) (amended by section 8 of the Act of 2001), by the deletion of "or an election to Údarás na Gaeltachta",

(*f*) in section 15B(5) (amended by section 8 of the Act of 2001), by the deletion of "or an election to Údarás na Gaeltachta",

(*g*) in section 25(2)(*a*) (amended by section 11 of the Act of 2001), by the substitution of the following for subparagraphs (iii) and (iv):

"(iii) a local election.",

(*h*) in section 25(4)(*b*)(i)(I) (amended by section 11 of the Act of 2001), by the deletion of "or Údarás na Gaeltachta elections",

(*i*) in section 25(4)(*b*)(iii) (amended by section 11 of the Act of 2001), by the substitution of "that he is a member of the party," for "that he is a member of the party, or",

(*j*) in section 25(4)(*b*) (amended by section 11 of the Act of 2001), by the deletion of subparagraph (iv),

(*k*) in section 25C(1)(*c*) (amended by section 11 of the Act of 2001), by the substituting of "1994." for "1994,",

(*l*) in section 25C(1) (amended by section 11 of the Act of 2001), by the deletion of paragraph (*d*),

(*m*) in section 25C(9) (amended by section 11 of the Act of 2001), by the deletion of ", including for the purpose of applications in writing made to the Registrar for

IV den Phríomh-Acht, sula dtiocfaidh an t-alt seo i bhfeidhm, leanfaidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, mura túisce a éagfaidh sé nó sí nó a éireoidh sé nó sí as an Údarás, go dtí an 30 Meán Fómhair 2012.

CUID 4

Ilghnéitheach

23.—(1) Leasaítear an tAcht Toghcháin, 1992— Leasú ar an Acht Toghcháin, 1992.

(*a*) in alt 15(1A)(*c*) (arna leasú le halt 6(*b*) d'Acht 2001), trí "nó áitiúil" a chur in ionad "áitiúil nó i gcás toghcháin chun Údarás na Gaeltachta",

(*b*) in alt 15(5) (arna leasú le halt 6(*d*) d'Acht 2001), trí "(lena n-áirítear toghchán chun Údarás na Gaeltachta)" a scriosadh,

(*c*) in alt 15A(4) (arna leasú le halt 7(*c*) d'Acht 2001), trí "nó i dtoghchán chun Údarás na Gaeltachta" a scriosadh,

(*d*) in alt 15A(5) (arna leasú le halt 7(*d*) d'Acht 2001), trí "nó i dtoghchán chun Údarás na Gaeltachta" a scriosadh,

(*e*) in alt 15B(4) (arna leasú le halt 8 d'Acht 2001), trí "nó i dtoghchán chun Údarás na Gaeltachta" a scriosadh,

(*f*) in alt 15B(5) (arna leasú le halt 8 d'Acht 2001), trí "nó i dtoghchán chun Údarás na Gaeltachta" a scriosadh,

(*g*) in alt 25(2)(*a*) (arna leasú le halt 11 d'Acht 2001), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (iii) agus (iv):

"(iii) toghchán áitiúil.",

(*h*) in alt 25(4)(*b*)(i)(I) (arna leasú le halt 11 d'Acht 2001), trí "nó i dtoghcháin Údarás na Gaeltachta" a scriosadh,

(*i*) in alt 25(4)(*b*)(iii) (arna leasú le halt 11 d'Acht 2001), trí "gur comhalta é den pháirtí," a chur in ionad "gur comhalta é den pháirtí, nó",

(*j*) in alt 25(4)(*b*) (arna leasú le halt 11 d'Acht 2001), trí fhomhír (iv) a scriosadh,

(*k*) in alt 25C(1)(*c*) (arna leasú le halt 11 d'Acht 2001), trí "1994." a chur in ionad "1994,",

(*l*) in alt 25C(1) (arna leasú le halt 11 d'Acht 2001), trí mhír (*d*) a scriosadh,

(*m*) in alt 25C(9) (arna leasú le halt 11 d'Acht 2001), trí ", lena n-áirítear chun críche iarratas i scríbhinn arna ndéanamh

Registration in respect of Údarás na Gaeltachta elections", and

(*n*) in section 165(1), by the deletion of paragraph (*d*).

(2) In this section, "Act of 2001" means the Electoral (Amendment) Act 2001.

Amendment of section 19 of the Litter Pollution Act 1997.

24.—Section 19 (as amended by section 9 of the Electoral (Amendment) (No. 2) Act 2009) of the Litter Pollution Act 1997 is amended by the deletion of subsection (7)(*d*).

Amendment of section 18 of Electoral Act 1997.

25.—Section 18(2) of the Electoral Act 1997 is amended by the deletion of "or the Údarás na Gaeltachta Act, 1979".

Section 5.

SCHEDULE

Repeals and Revocations

PART 1

Acts repealed

(1) Number and Year	(2) Short title	(3) Extent of repeal
No. 21 of 1956	Ministers and Secretaries (Amendment) Act 1956	section 2
No. 5 of 1979	Údarás na Gaeltachta Act 1979	section 9 subsections (1), (2) and (3) of section 10A (amended by section 6 of the Údarás na Gaeltachta (Amendment) (No. 2) Act 1999) Part IV

PART 2

Statutory Instruments revoked

(1) S.I. No. and Year	(2) Short title
S.I. No. 245 of 1956	Gaeltacht Areas Order 1956
S.I. No. 200 of 1967	Gaeltacht Areas Order 1967
S.I. No. 192 of 1974	Gaeltacht Areas Order 1974
S.I. No. 350 of 1982	Gaeltacht Areas Order 1982
S.I. No. 355 of 1979	Údarás na Gaeltachta Elections Regulations 1979
S.I. No. 103 of 1994	Údarás na Gaeltachta Elections (Amendment) Regulations 1994
S.I. No. 341 of 1999	Údarás na Gaeltachta Elections (Amendment) Regulations 1999
S.I. No. 125 of 2005	Údarás na Gaeltachta Elections (Amendment) Regulations 2005

chuig an gCláraitheoir ar chlárú i leith thoghcháin Údarás na Gaeltachta" a scriosadh, agus

(*n*) in alt 165(1), trí mhír (*d*) a scriosadh.

(2) San alt seo, ciallaíonn "Acht 2001" an tAcht Toghcháin (Leasú), 2001.

Leasú ar alt 19 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997.

24.—Leasaítear alt 19 (arna leasú le halt 9 den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2009) den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 trí fho-alt (7)(*d*) a scriosadh.

Leasú ar alt 18 den Acht Toghcháin, 1997.

25.—Leasaítear alt 18(2) den Acht Toghcháin, 1997 trí "nó an Achta um Údarás na Gaeltachta, 1979" a scriosadh.

AN SCEIDEAL

Alt 5.

Aisghairm agus Cúlghairm

CUID 1

Na hAchtanna a aisghairtear

(1) Uimhir agus Bliain	(2) Gearrtheideal	(3) Méid na haisghairme
Uimh. 21 de 1956	An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956	alt 2
Uimh. 5 de 1979	An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979	alt 9 fo-ailt (1), (2) agus (3) d'alt 10A (arna leasú le halt 6 den Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999) Cuid IV

CUID 2

Na hIonstraimí Reachtúla a Chúlghairtear

(1) I.R. Uimh. agus Bliain	(2) Gearrtheideal
I.R. Uimh. 245 de 1956	Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1956
I.R. Uimh. 200 de 1967	Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1967
I.R. Uimh. 192 de 1974	Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1974
I.R. Uimh. 350 de 1982	Ordú na Limistéar Gaeltachta, 1982
I.R. Uimh. 355 de 1979	Na Rialacháin um Thoghcháin Údarás na Gaeltachta, 1979
I.R. Uimh. 103 de 1994	Na Rialacháin um Thoghcháin Údarás na Gaeltachta (Leasú), 1994
I.R. Uimh. 341 de 1999	Na Rialacháin um Thoghcháin Údarás na Gaeltachta (Leasú), 1999
I.R. Uimh. 125 de 2005	Na Rialacháin um Thoghcháin Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2005